Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11281/25
COR 2

**Comhad Idirinstitiúideach::
2025/0144 (NLE)**

IXIM 155
JAI 1031
ENFOPOL 254
CRIMORG 129
JAIEX 73
AVIATION 93
DATAPROTECT 149
N 56

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn maidir le haistriú sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh |

Cuirfear an leathanach atá i gceangal leis seo in ionad leathanach EU/NO/ga 13.

(c) anailís a dhéanamh ar shonraí PNR chun critéir nua a thabhairt cothrom le dáta, a thástáil nó a chruthú, ar critéir iad a bheidh le húsáid sna measúnuithe arna ndéanamh faoi Airteagal 7(1)(b), d'fhonn aon duine a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gcion sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach a shainaithint.

## AIRTEAGAL 7

### Measúnú fíor ama

1. Agus measúnú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6 á dhéanamh aige, féadfaidh PIU na hIorua an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí PNR a chur i gcomparáid le bunachair sonraí maidir le daoine nó ábhair atá á lorg nó faoi fholáireamh, agus bunachair sonraí den sórt sin amháin, i gcomhréir le rialacha an Aontais agus rialacha idirnáisiúnta agus náisiúnta is infheidhme maidir le bunachair sonraí den sórt sin; agus

(b) sonraí PNR a phróiseáil de réir critéir réamhbhunaithe.

2. Áiritheoidh an Iorua go mbeidh na bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1(a) den Airteagal seo neamh idirdhealaitheach, iontaofa, cothrom le dáta agus teoranta dóibh siúd arna n-úsáid ag údaráis inniúla na hIorua i ndáil leis na críocha a leagtar amach in Airteagal 5 agus ábhartha chun na gcríoch sin.

3. Áiritheoidh an Iorua go mbeidh aon mheasúnú ar shonraí PNR dá dtagraítear i mír 1(b) den Airteagal seo bunaithe ar shamhlacha agus ar chritéir réamhbhunaithe atá neamh idirdhealaitheach, sonrach agus iontaofa chun a chur ar a chumas do PIU na hIorua teacht ar thorthaí atá dírithe ar dhaoine aonair a d'fhéadfadh amhras réasúnach a bheith ann go bhfuil baint acu le cionta sceimhlitheoireachta nó le coireacht thromchúiseach nó go bhfuil siad rannpháirteach iontu. Áiritheoidh an Iorua nach mbeidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na critéir sin bunaithe ar chine nó bunús eitneach, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, ar bhallraíocht ceardchumainn, ar shláinte, ar chleachtadh gnéis ná ar ghnéaschlaonadh duine.